

Imreofar tionchar dearfach ar fhás eacnamaíoch san Aontas Eorpach (AE) trí níos mó ban a spreagadh dul i mbun oideachais eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus mhatamaitice (STEM). Cé go bhfuil dea-dheiseanna fostaíochta agus poist an táirgiúil le fáil sa réimse, is íseal an líon ban atá ag déanamh staidéar ar ábhair STEM agus atá ag baint céim amach iontu faoi láthair¹.

I staidéar ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ar na “tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne”, tugtar fianaise láidir nua ina léirítear na tionchair dhearfacha a thiocthadh as neamhionannas inscne a laghdú san oideachas i dtíortha forbartha.

Is féidir fás eacnamaíoch a chothú tríd an mbearna idir na hinscní in oideachas STEM a dhúnadh


Samplaí de bhearta comhionannais inscne ar dócha méadú a dhéanamh ar líon na mban a bhainfidh céim amach in ábhair STEM is ea deireadh a chur le steiréitíopaí inscne san oideachas; feasacht a mhúscailt ar ábhair STEM agus iad a chur chun cinn i measc na gcailíní agus na mban; agus gairmthreoir a chur ar fáil chun cailíní a spreagadh staidéar a dhéanamh i réimsí ina bhfuil ceannas ag fir agus chun buachaillí a spreagadh staidéar a dhéanamh i réimsí ina bhfuil ceannas ag mná. D’fhéadfadh na bearta sin níos mó ban a spreagadh dul i mbun oibre sa réimse STEM mar gheall ar na dea-ionchais fostaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo freisin. Ag an am céanna, chabhródh méadú ar an bhfostaíocht STEM

leis na heasnamh sa mhargadh saothair a laghdú agus le deireadh a chur le scrogaill sa mhargadh saothair faoi láthair.

D’fhéadfaí 1.2 milliún post breise a chruthú tríd an mbearna idir na hinscní in oideachas STEM a dhúnadh.

D’imreodh dúnadh na bearna idir na hinscní in oideachas STEM tionchar dearfach ar an bhfostaíocht. Dá ndéanfaí amhlaidh, thiocthadh méadú idir 850 000 post agus 1 200 000 post ar fhostaíocht iomlán an AE faoin mbliain 2050. Meastar gur san fhadtéarma a chruthófaí formhór na bpost sin toisc

Fíor 1. An difear a dhéanfaidh dúnadh na bearna idir na hinscní in earnálacha STEM don fhostaíocht



¹ Toisc gur lú i bhfad an líon ban sna réimsí seo ná an líon fear, ba ar na bearnaí inscne i réimsí na ríomhaireachta agus na hinnealtóireachta a díriodh sa staidéar. Níl an bhearna idir na hinscní ar fud Bhallstát an AE chomh soiléir céanna sa mhatamaitic, áfach.




nach dtosódh rátaí fostaíochta ag méadú ach amháin nuair atá oideachas STEM críochnaithe ag níos mó ban.

Is dóigh gur poist antáirgiúil a bheidh sna poist nua toisc gur minic a éiríonn le mná a bhfuil céim acu in ábhair STEM dul ar aghaidh chun poist ard-bhreislúacha a fháil in earnálacha amhail an earnáil faisnéise agus cumarsáide nó an earnáil seirbhísí airgeadais agus gnó.

D'imreodh méadú ar rannpháirtíocht na mban in ábhair STEM dea-thionchar láidir ar olltáirgeacht intíre (OTI) ar leibhéal an AE. Dá ndúnfaí an bhearna idir na hinscní in earnálacha STEM, mhéadófaí OTI per capita an AE de réir 0.7-0.9 % sa bhliain 2030. Is sa raon idir 2.2 % agus 3.0 % a bheadh an méadú faoin mbliain 2050. Ó thaobh airgid de, thiofadh méadú de EUR 610-820 billiún ar OTI sa bhliain 2050 as an mbearna idir na hinscní in earnálacha STEM a dhúnadh.

Fíor 2. An difear a dhéanfaidh dúnadh na bearna idir na hinscní in earnálacha STEM do OTI per capita



Is é an toradh a mheastar a bheidh ar an bhfórsa saothair méadaithe in earnálacha STEM ná go mbeidh na poist níos táirgiúla, go gcuirfead le cumas táirgthe féideartha an gheilleagair agus go méadóidh OTI per capita.

Is dócha go mbeidh méadú ar an bpá mar thoradh ar tháirgiúlacht níos airde ó phoist STEM (Parlaimint na hEorpa, 2015). Léirítear sa staidéar go dtiocfaidh laghdú ar an mbearna pá idir na hinscní faoin mbliain 2050, rud atá iontach. Tá méadú tagtha ar líon na mban atá ag baint céim amach in ábhair STEM agus, mar gheall ar a ngnóthachtáil oideachasúil a bheith níos airde agus iad a bheith ag obair in earnálacha ardphá, is amhlaidh go méadóidh meántuilleamh na mban de réir a chéile freisin. Beidh meántuilleamh na mban cothrom le meántuilleamh na bhfear faoin mbliain 2050.

Is féidir iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an AE a mhéadú trí fheabhas a chur ar chomhionannas inscne in oideachas STEM.

Tuairtar sa staidéar go néireoidh mná níos táirgiúla mar gheall ar an méadú ar líon na mban a mbeidh céim in ábhair STEM acu. Cuirfidh sé sin leis an bhfás cliste a shamhlaítear sa straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Meastar go rachaidh fostaíocht mhéadaithe na mban i réimsí STEM chun tairbhe d'iomaíochas gheilleagar an AE freisin. Mar shampla, meastar go méadóidh onnmhairí faoi thart ar 0.7 % faoin mbliain 2050 agus go laghdóidh allmhairí faoi suas le 1.2 % sa tréimhse chéanna. Tiocfaidh feabhas ar chomhardú na trádála dá bharr sin.

Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an mbearna pá idir na hinscní in earnálacha STEM?


Cé go mbíonn cuid mhór ban ag baint céim amach san ardoideachas, is ann do neamhionannas agus do bhearnaí idir na hinscní go fóill maidir leis na hábhair agus na réimsí staidéir a roghnaíonn siad. De réir sonraí ó Eurostat, ba iad seo a leanas na príomhréimsí inar bhain mná céim amach sa bhliain 2014: an tsláinte agus an leas, na daonnachtaí

agus na healaíona, na heolaíochtaí sóisialta, an gnó agus an dlí. I gcodarsnacht leis sin, ba i réimsí a bhaineann leis an innealtóireacht, an déantúsaíocht agus an fhoirgníocht a bhain formhór na bhfear céim amach. D'éirigh lena lán fear céim a bhaint amach sa teicneolaíocht, san eolaíocht agus sa mhatamaitic freisin. Cé gur tháinig méadú ar an

Líon iomlán mac léinn in oideachas STEM idir na blianta 2003 agus 2013, bhí an bhearna idir fir agus mná seasta le linn na tréimhse sin.

Is i réimse an staidéir STEM atá na bearnaí is mó idir na hinscní san oideachas le sonrú.

Fíor 3. Dáileadh na mac léinn oideachais threasaigh de réir réimse agus inscne, AE-28, 2014 (%)²



Foinse: Eurostat (educ_uoe_enrt03).

Is mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas a bhfuil sé tábhachtach deireadh a chur le tearcionadaíocht leanúnach na mban i measc mac léinn agus céimithe ollscoile in ábhair STEM:

1. An soláthar saothair a mhéadú in earnálacha STEM

Tháinig formhór na mBallstát ar dhiandearachtaí i ndáil le hoibríthe oile a earcú chuig poist in earnálacha STEM, go háirithe san earnáil innealtóireachta agus san earnáil teicneolaíochta faisnéise (TF). Tuairiscíonn 21 Bhallstát go mbíonn deacrachtaí acu gairmithe eolaíochta agus innealtóireachta a aimsiú. Tuairiscíonn 20 Ballstát an fhadhb chéanna maidir le gairmithe TFC a aimsiú (Attstroem et al., 2014). Bhí deacracht ag an Ríocht Aontaithe, mar shampla, 40 % d'fholúntais phoist (dhá oiread níos mó ná meánfhigiúr na tíre) a líonadh in earnálacha STEM de bharr easpa iarratasóirí.

Meastar go mbeidh 7 milliún post nua ar fáil in earnálacha STEM san AE faoin mbliain 2025 (Parlaimint na hEorpa, 2015).

Is dóigh go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh: meastar go méadóidh an líon deiseanna fostaíochta d'innealtóirí agus do speisialtóirí TF agus go sáróidh sé an líon deiseanna a bheidh ar fáil ina lán gairmeacha eile. Meastar, mar shampla, go mbeidh fás fostaíochta nialasach ann sna hearnálacha cógaisíochta idir na blianta 2013 agus 2025. Os a choinne sin, meastar go méadóidh an fhostaíocht san earnáil ríomhaireachta faoi 8 % sa tréimhse chéanna (Parlaimint na hEorpa, 2015). Is íseal atá an ráta dífhostaíochta i measc ghairmithe STEM san AE. Is airde i bhfad an pá a fhaigheann siad ná an pá a fhaigheann gairmithe in earnálacha eile freisin (Parlaimint na hEorpa, 2015).

2. Rochtain na mban a mhéadú ar phoist a bhfuil pá maith ag dul leo

Sanamílathair, is iad toscas sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta, oideachais agus institiúideacha a chothaíonn leithscaradh inscne leanúnach ar fud réimsí staidéir. Steiréitíopáil san oideachas, difríochtaí idir na hinscní i roghanna oideachais agus oiliúna, agus an easpa eiseamláirí atá ann do mhná, na mórchúiseanna leis an líon íseal ban a bhíonn ag baint céim amach in ábhair STEM.

Ar leibhéal an duine aonair, d'fhéadfadh go mbeadh ionchais fostaíochta níos ísle agus tuilleamh níos ísle sa mhargadh saothair ag gabháil leis an easpa ban a bhíonn ag déanamh staidéar ar ábhar STEM. Is nithe iad sin a laghdaíonn neamhspleáchas eacnamaíoch na mban freisin. Tarlaíonn sé sin toisc go bhfuil earnálacha STEM ag fás i bhfad níos tapa ná earnálacha eile. Is airde an pá in earnálacha STEM ná an pá in earnálacha eile freisin (Parlaimint na hEorpa, 2015).

Léirítear sa staidéar go bhféadfadh laghdú na bearna idir na hinscní i réimsí oideachais STEM cabhrú le scrogaill a laghdú sa mhargadh saothair, fostaíocht agus táirgiúlacht na mban a mhéadú agus leithscaradh inscne a laghdú. Is é an toradh a bheadh ar an méid sin ar deireadh ná go dtiocfadh méadú ar tháirgiúlacht agus ar ghníomhaíocht sa mhargadh saothair arson.

Tagairtí

Attstroem, K. et al (2014), *Mapping and analysing bottleneck vacancies in EU labour markets, tuarascáil don Choimisiún Eorpach*, Scoil Eacnamaíochta Ramboll/Erasmus.

Parlaimint na hEorpa (2015), *Staidéar STEM a spreagadh don mhargadh saothair*.

² Is iad na sonraí a úsáidtear anseo ná na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ó Eurostat agus an foilseachán seo á ullmhú. Le haghaidh tuilleadh faisnéise agus sonraí nuashonraithe, féach: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Tertiary_education_statistics

Maidir leis an staidéar

Rud uathúil i gcomhthéacs an AE is ea an staidéar ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne. Tá sé ar an gcéad cheann dá chineál riamh inar úsáideadh samhail eacnaiméadrach láidir chun raon leathan tairbhí maicreacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne a réamh-mheas i roinnt mór-réimsí amhail an toideachas, gníomhaíocht sa mhargadh saothair agus pá.

Léirítear i dtorthaí foriomlána an staidéir go dtiocfadh na nithe seo a leanas as comhionannas inscne méadaithe:

- idir 6.3 milliún agus 10.5 milliún post breise sa bhliain 2050, agus thart ar 70 % díobh sin líonta ag mná;
- dea-thionchair ar OTI, ar tionchair iad a mhéadódh le himeacht ama;
- méadú ar olltáirgeacht intíre per capita, ar méadú é a bheadh cothrom le beagnach 10 % sa bhliain 2050.

Baineadh leas sa staidéar as an tsamhail mhaicreacnamaíoch E3ME chun na tionchair eacnamaíocha a bheadh ag feabhsuithe ar chomhionannas inscne a réamh-mheas. Tá E3ME ina shamhail mhaicreacnamaíoch eimpíreach atá curtha in oiriúint go sonrach do thorthaí a shamhaltú ar leibhéal an AE agus ar leibhéal na mBallstát araon.

Áirítear na naoi bhfoilseachán seo a leanas le haschur an staidéir ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne san AE:

1. *Literature review: existing evidence on the social and economic benefits of gender equality and methodological approaches* (Athbhreithniú litríochta: fianaise reatha ar na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne agus cineálacha modheolaíocha cur chuige ina leith).
2. *EU and EU Member State overviews* (Forbhreathnú ar an AE agus ar Bhallstáit an AE).
3. *Report on the empirical application of the model* (Tuarascáil ar chur i bhfeidhm eimpíreach na samhla).
4. *How the evidence was produced: briefing paper on the theoretical framework and model* (Conas a bailíodh an fhianaise: bileog eolais ar an gcreat teoriciúil agus ar an tsamhail).
5. Conas a bailíodh an fhianaise: bileog eolais ar an gcreat teoriciúil agus ar an tsamhail.
6. Tionchair eacnamaíocha an chomhionannais inscne i gcomhthéacs beartais an AE: páipéar faisnéise.
7. Tionchair eacnamaíocha an chomhionannais inscne: páipéar faisnéise.
- 8. Conas a thagann fás eacnamaíoch as comhionannas inscne in oideachas STEM: páipéar faisnéise.**
9. Conas a thagann fás eacnamaíoch as an mbearna idir na hinscní i ngníomhaíocht sa mhargadh saothair agus i bpá a dhúnadh: páipéar faisnéise.

Is féidir gach foilseachán, torthaí mionsonraithe an staidéir agus an mhodheolaíocht a fháil ar shuíomh gréasáin EIGE.

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saineolas sonrach agus sonraí inchomparáide iontaofa a chur ar fáil dóibh maidir le comhionannas inscne san Eoraip.

Tuilleadh faisnéise:

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE

Gedimino pr. 16

LT-01103 Vilnius

LIETUVA/LITHUANIA

+370 52157444

Ríomhphost: eige.sec@eige.europa.eu

<http://eige.europa.eu>

<http://www.twitter.com/eurogender>

<http://www.facebook.com/eige.europa.eu>

<http://www.youtube.com/eurogender>

<http://eurogender.eige.europa.eu/>



ISBN 978-92-9470-069-8
doi:10.2839/89400



Oifig na bhFoilseachán